Úsáid Uisce a Iniúchadh

Bileog Gníomhaíochta 02

Cá Mhéad Uisce a Úsáidtear?

- Má tá méadar uisce agat sa scoil, faigh amach cá bhfuil sé agus taifead na léamha i dtús gach lae agus i ndeireadh gach lae (b'fhéidir go mbeadh duine fásta in ann sin a dhéanamh duit).
- Taifead na léamha laethúla ar thábla agus breac graf. An bhfuil an úsáid uisce mar an gcéanna gach lá? An féidir leat aon laghdú nó aon mhéadú suntasach a mhíniú?
- An bhfuil tú ag úsáid uisce ag an deireadh seachtaine? Má tá, an bhfuil a fhios agat cén fáth?
- Mura bhfuil meádar uisce ann, is féidir leat an t-eolas ó **Bhileog Gníomhaíochta 01** a úsáid chun a mheas cá mhéad uisce a úsáideann an scoil.

Cá bhfuil an t-uisce á úsáid?

- Déan iarracht greim a fháil ar léarscáil scoile (mura féidir, is féidir leat léaráid gharbh a tharraingt).
- Cuir ponc ar na seomraí sa léaráid go léir ina bhfuil an t-uisce á úsáid.
- Gabh chuig gach áit mharcáilte agus comhair líon na nithe a úsáideann uisce.
- Maidir le gach suíomh, bain úsáid as an tábla chun líon na nithe úsáidte uisce a thaifeadadh.
- Breac síos cá bhfuil aon bhraonta anuas.
- Faigh amach ráta sreafa an uisce amach as an sconna (bain úsáid as an gcur chuige céanna mar atá i **mBileog Gníomhaíochta 01**).
- Faigh amach cá huair a cuireadh na leithris isteach. Más rud é gur cuireadh isteach roimh an mbliain 1999 iad, is dóigh go mbeidh toirt an tsistéil 9 lítear. Más rud é gur cuireadh isteach ina dhiaidh sin é, is dóigh go mbeidh toirt an tsistéil 6 lítear.
- Má tá fualáin ann, faigh amach cén chaoi a ndéantar iad a shruthlú.
- Breac síos aon ghaireas coigilte uisce, *m.sh. gairis díláithriúchán uisce (Málaí Hippo) i sistéal an leithris, sá-sconnaí, spré-sconnaí, braiteoirí gluaiseachta sna fualáin, leithris déshruthlaithe srl.*
- Bain úsáid as an gcolún 'Eile' chun aon nithe a úsáideann uisce a thaifeadadh coigilte uisce eile a thaifeadadh a gheobhaidh tú.
- Scríobh síos fadhbanna ar bith a bhuaileann leat agus aon fhuascailtí a thig leat a chur i bhfeidhm (amharc ar **Bhileog Gníomhaíochta 04** le teacht ar roinnt smaointe). Tabhair an fhreagracht do dhuine éigin as gach aon fhuascailt a thabhairt chun críche.

Suíomh:

Gaireas Coigilte Uisce	Sconnaí Teo-Uisce	Sconnaí Fuaruisce	Leithris Sruthlaithe	Fualáin	Cithfholcadáin	Eile
Líon Acu						
Braon Anuas Tá/Níl Má tá, sonraigh an líon acu						
Ráta Sreafa (Lítear in Aghaidh an Nóiméid) nó más sá-sconnaí iad, an méid lítear in aghaidh a n-úsáide						
Toirt an tSistéil (l.)						
Gairis Choigilte Uisce (Tá/Níl) Má tá siad ann, tabhair sonraí						
Fadhbanna						
Fuascailtí a Thig Leat a Chur i gCrích						
Freagracht						